

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 2

Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an riachtanas sin, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam le haghaidh an mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí ar leith arna riar ag an Roinn, agus chun deontais a íoc.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Tá barrachas €2.13 milliún faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin amach i gclár 25 den bhliain 2025, i bhfeidhm in ullmhú an chuntais. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt de Chaighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm do thréimhsí cuntais ón 1 Eanáir 2025 i leith.

Dímheas

Déantar dímheas maoine, fearais agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas saolréanna ionchais agus rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta na móraicmí sócmhainní.

<i>Aicme sócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Trealamh oifige agus TF	5 Bliana	20%
Troscán agus feistis	10 mbliana	10%
Príomhchórais bogearraí oibríochtúla TF	10 mbliana	10%
Bogearraí faighte/forbartha	3-5 bliana	33%-20%

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht le haghaidh córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Cuirim an fhreagracht seo i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú i gcónaí.

Seirbhísí comhroinnte

Chuir an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais i gCill Airne, atá mar chuid den Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce próiseáil idirbheart airgeadais ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte, go dtí an 28 Meán Fómhair 2025. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir Roinn an Taoisigh agus Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, chun an tseirbhís comhroinnte seo a sholáthar.

D'aistrigh an Roinn go Seirbhísí Airgeadais ONSC an 29 Meán Fómhair 2025. Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí acmhainní daonna, párolla agus seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar.

Táim ag brath ar litreacha ráthaíochta ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus don Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Áirne go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar do Roinn an Taoisigh.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann le comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmiligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistithe riosca taobh istigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oile go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa agus ag an gCoiste Iniúchta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé de sprioc ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go leagtar an bhéim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus na conarthaí ar fad á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirínte ábhartha ar fad. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conarthacha eile agus €14.71 milliún san iomlán in 2025.

Chuir an Roinn mionsonraí ar fáil den dá sheirbhís a soláthraíodh go neamhiomaíoch os cionn €25,000 sa tuairisceán bliantúil i ndáil le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Ar mhaithe le trédhearcacht, chuir an Roinn dhá iontráil bhreise san áireamh a bhaineann le seirbhís a chuirtear ar fáil do Rúnaíocht Mheastóireachta COVID-19 agus seirbhís a chuirtear ar fáil i leith siamsaíochta Stáit.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta rioscaí curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sainaitheann agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a dhéanann na príomhrioscaí i gcoinne na Roinne a shainaitheint agus rinneadh na príomhrioscaí sin a mheasúnú agus a rangú de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár i gcomhar le Foireann Ardbhainistíochta na Roinne. Baintear feidhm as torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus acmhainní a leithdháileadh sa dóigh is go ndéanfar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Is mír bhuan ar chlár oibre Choiste Iniúcháireachta na Roinne í bainistíocht rioscaí freisin.

Tá an próiseas Measúnaithe Riosca Náisiúnta, atá faoi mhaoirseacht Roinn an Taoisigh, i bhfeidhm freisin agus tugann sé deis chun rioscaí straitéiseacha suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn d'Éirinn a aithint agus a phlé. Leagtar amach sa leagan is déanaí den Mheasúnú Riosca Náisiúnta, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024 agus atá fós bailí, na rioscaí geopholaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus teicneolaíocha is suntasaí atá roimh an tír.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a thógáil agus don lucht bainistíochta agus don Choiste Comhairleach Bainistíochta, nuair is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus caomhnú an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor aithníodh aon laige sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2025 a bheadh le nochtadh sa chuntas leithreasa.

John Callinan

Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

30 Márta 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 2 Roinn an Taoisigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Roinn an Taoisigh agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltas agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainiuthnám na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnám le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 2 Roinn an Taoisigh

Cuntas Leithreasa 2025				
		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin		Olltoradh
		€000	€000	€000
Caiteachas an chláir				
A	Ag Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais			
	Bunmhéid	38,180		
	Méid Forlíontach	3,389		
		41,569	39,435	34,284
Ollchaiteachas		41,569	39,435	34,284
<i>Asbhain</i>				
B	Leithreasaí i gcabhair	866	862	810
Glanchaiteachas		40,703	38,573	33,474

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

	2025	2024
	€	€
Barrachas le géilleadh	2,129,760	4,446,021

John Callinan
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh

30 Márta 2026

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2025

	2025	2024
	€000	€000
Costas an chláir	12,582	8,090
Pá	22,275	20,795
Neamhphá	4,578	5,399
Ollchaiteachas	39,435	34,284
<i>Asbhain</i>		
Leithreasaí i gcabhair	862	810
Glanchaiteachas	38,573	33,474
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Maoin, gléasra agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	—	
Dímheas	18	
<i>Sócmhainní doláimhsithe</i>		
<i>(nóta 2.2)</i>		
Ceannacháin	—	
Amúchadh	106	
	124	127
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar réamhíocaíochtaí	(224)	
Méadú ar speansais fhabhráithe	782	
Méadú ar ioncam fabhraíthe	(29)	
	529	645
Caiteachas díreach a vótáladh	39,226	34,246
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	6,785	6,001
Measchíos	1,918	1,517
Glanchostas an chláir	47,929	41,764

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 2 a tabhaíodh in áit eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	10	10
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	4,788	4,046
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	729	856
Vóta 18	Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	148	26
Vóta 20	An Garda Síochána	576	506
Vóta 24	Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce	47	60
Vóta 36	Cosaint	93	96
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	28	26
An Lárchiste – Pinsin Taoisigh agus aireachta		366	375
		6,785	6,001

Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Maoin, fearas agus trealamh	2.1	12	30
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	31	137
		43	167
Sócmhainní reatha			
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	2.4	815	562
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	480	455
Glanmhaoiniú an Státchiste	2.8	599	517
		1,894	1,534
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	309	295
Speansais fhabhráithe	2.6	2,242	1,460
Iarmhéideanna sochair eile	2.7	770	677
		3,321	2,432
Glandlíteanais reatha		(1,427)	(898)
Glandlíteanais		(1,384)	(731)
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe an Stáit	2.9	(1,384)	(731)

2.1 Maoin, fearas agus trealamh

	Trealamh oifige agus TF €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2025	369	104	473
Breiseanna	—	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2025	369	104	473
Dímheas carntha			
Amhail an 1 Eanáir 2025	344	99	443
Dímheas don bhliain	17	1	18
Amhail an 31 Nollaig 2025	361	100	461
Glansócmhainní			
Amhail an 31 Nollaig 2025	8	4	12
Amhail an 31 Nollaig 2024	25	5	30

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2025	531	531
Breiseanna	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2025	531	531
Amúchadh carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2025	394	394
Amúchadh don bhliain	106	106
Amhail an 31 Nollaig 2025	500	500
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2025	31	31
Amhail an 31 Nollaig 2024	137	137

2.3 Banc agus airgead tirim

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
larmhéideanna PMG agus airgead tirim	(309)	(294)
larmhéid an chuntais bainc eile	—	(1)
	(309)	(295)

2.4 Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Réamhíocaíochtaí TFC	704	491
Réamhíocaíochtaí cláir	11	2
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise fabhraithe	29	—
Réamhíocaíochtaí riaracháin eile	71	69
	815	562

2.5 larmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Caiteachas aisghabhála an phas taistil	27	33
Míreanna fionraí dochair eile	453	422
	480	455

2.6 Speansais fhabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Fabhruithe cláir	23	81
Fabhruithe riaracháin	778	171
Fabhruithe a bhaineann le párolla ^a	1,441	1,208
	2,242	1,460

Nóta ^a Áirítear leis na fabhruithe párolla €48,150 d'aisghabhálacha tuarastail a ndearnadh sonrascadh orthu a bhaineann le 2025, a íocadh in 2026

2.7 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Méideanna atá dlite don stát		
Cáin ioncaim	307	348
Árachas sóisialach pá- choibhneasa	202	179
Cáin shiarchoinneálach do sheirbhísí gairmiúla	3	6
Cáin bhreisluacha	57	2
Ranníocaíochtaí pinsin	71	—
An muirear sóisialta uilíoch	56	—
Cáin Mhaoine Áitiúil	1	—
	697	535
Fionraí		
Asbhaintí párolla	73	142
Míreanna fionraí sochair eile	—	—
	73	142
	770	677

2.8 Glanmhaoiniú an Stáitchiste

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	2,130	4,446
Deontas ón Stáitchiste neamhtharraingthe	(2,729)	(4,963)
Glanmhaoiniú an Stáitchiste	(599)	(517)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	—	—
Iarmhéideanna dochair: fionraí	480	455
	480	455
Creidiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	(309)	(295)
Dlite don Stát	(697)	(535)
Iarmhéideanna sochair: fionraí	(73)	(142)
	(1,079)	(972)
	(599)	(517)

2.9 Cuntas maoinithe an Stáit

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
larmhéid an 1 Eanáir		(731)	41
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	40,703	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(2,130)	
Glanvóta		38,573	33,474
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1	6,785	6,001
Míreanna neamhairgid: measchíos	1	1,918	1,517
Glanchostas an chláir	1	(47,929)	(41,764)
larmhéid amhail an 31 Nollaig		(1,384)	(731)

2.10 Ceangaltais

	2025	2024
	€000	€000
a) Gealltanais dhomhanda		
amhail an 31 Nollaig		
Soláthar earraí agus seirbhísí	31	12

2.11 Dlíteanais theagmhasacha

Tugadh breithiúnas i mí na Nollag 2025 maidir le dhá chás Ard-Chúirte a bhain le hAirí Stáit ag freastal ar chruinnithe comh-aireachta. Bronnadh 50% de chostais dlí na n-iarratasóirí ag éisteacht ina dhiaidh sin ar chostais. D'eisigh duine de na hiarratasóirí iarratas ar chead chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach a mbeidh tionchar aige ar chostais a thabhairt chun críche agus a íoc. Dá bhrí sin, is deacair a mheas an dtiocfaidh dlíteanas chun cinn in 2026.

Ainmnítear an Taoiseach/Rialtas mar fhreagróir i roinnt gníomhartha eile faoi bhainistíocht Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Meastar nach dócha go n-eascróidh dlíteanas as aon ghníomhaíochtaí den sórt sin in 2026.

2.12 Tionchar ag na hathruithe ar bheartas cuntasaíochta

Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CCRL) á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit i mbliain an chuntais.

	2025	2024
	€000	€000
Fabhrú párolla ^a	—	(564)
Fabhrú saoire ^a	—	(644)
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise infhála ^b	29	—
	29	(1,208)

Nóta ^a CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

^b CGAS 23 Ioncam ó Idirbhearta Neamh-Malairte (Cánacha agus Aistrithe)

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachais riaracháin

Áiríodh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos i gClár A chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin	Olltoradh	Olltoradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	22,474	22,275	20,795
ii	Taisteal agus cothú	750	802	600
iii	Oiliúint agus forbairt	250	258	180
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach			
	<i>Bunmhéid</i>	2,137		
	<i>Méid Forlíontach</i>	(100)		
		2,037	1,286	2,044
v	Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF			
	<i>Bunmhéid</i>	1,965		
	<i>Méid Forlíontach</i>	(200)		
		1,765	1,355	1,598
vi	Speansais áitribh	522	531	558
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde	550	345	417
		28,348	26,852	26,192

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) sa chaiteachas riaracháin.

iv Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach

Soláthar sna meastacháin €2.137 milliún; olltoradh €1.286 milliún

Tharla teagmhas suntasach Stáit, le dáta socraithe, i dtreo dheireadh na bliana airgeadais. Níorbh fhéidir sonraisc a fháil agus a phróiseáil roimh dheireadh na bliana. Mar thoradh air sin, bhí tearc-caiteachas €751,000 san fho-cheannteideal seo. Rinneadh coigilteas san fho-cheannteideal sin (€100,000) a fhritháireamh i gcoinne fho-cheannteideal A.4 Binsí Fiosrúcháin agus fho-cheannteideal A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin mar chuid de phróiseas meastacháin forlíontach 2025.

v Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF

Soláthar sna meastacháin €1.965 milliún; olltoradh €1.355 milliún

Tháinig an éagsúlacht chun cinn mar gheall ar chur chun feidhme líon beag tionscadal feabhsaithe próisis gnó nach bhfuil ag dul chun cinn chomh tapa agus a bhíodhas ag súil leis in 2025. Bhí tionchar ag an ualach oibre in aonaid ghnó ar phríomhphearsanra a bheith ar fáil chun na tionscadail sin a chur chun cinn.

vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde

Soláthar sna meastacháin €550,000; olltoradh €345,000

Tharla an éagsúlacht san fho-cheannteideal seo mar gheall ar (i) bearta rialaithe caiteachais leanúnacha i ndáil le seirbhísí comhairliúcháin agus (ii) líon beag tionscadal taighde tríú páirtí ag dul chun cinn níos moille ná mar a bhí beartaithe in 2025.

Clár A Tacú le hobair an Taoisigh agus an Rialtais

		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin		Olltoradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá		22,474	22,275
A.2	Riarachán – neamhphá			20,795
	<i>Bunmhéid</i>	6,174		
	<i>Méid Forlíontach</i>	(300)		
		5,874	4,578	5,399
A.3	An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach		2,722	2,674
A.4	Binsí Fiosrúcháin			
	<i>Bunmhéid</i>	3,310		
	<i>Méid Forlíontach</i>	3,475		
		6,785	6,552	3,310
A.5	Coimisiúin Imscrúdúcháin			
	<i>Bunmhéid</i>	2,000		
	<i>Méid Forlíontach</i>	764		
		2,764	2,704	2,042
A.6	An Tionól Saoránach			
	<i>Bunmhéid</i>	500		
	<i>Méid Forlíontach</i>	(350)		
		150	141	329
A.7	Meastóireacht COVID-19			
	<i>Bunmhéid</i>	1,000		
	<i>Méid Forlíontach</i>	(200)		
		800	511	16
		41,569	39,435	34,284

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad).

A.4 Binsí Fiosrúcháin

Soláthar sna meastacháin €3.31 milliún; olltoradh €6.552 milliún

Bhí an méadú €3.242 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh mar thoradh ar íocaíochtaí tríú páirtí a bheith dlite in 2025. Tá an Binse neamhspleách ar an Roinn, agus dá réir sin, níl aon smacht ag an Roinn ar uainiú ná ar luach na n-íocaíochtaí sin.

A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin

Soláthar sna meastacháin €2 milliún; olltoradh €2.704 milliún

Bhí an méadú €704,000 milliún ar chaiteachas i gcoibhneas leis an meastachán bunaidh mar thoradh ar íocaíochtaí tríú páirtí a bheith dlite in 2025. Tá na Coimisiúin Imscrúdúcháin neamhspleách ar an Roinn, agus dá réir sin, níl aon smacht ag an Roinn ar uainiú ná ar luach na n-íocaíochtaí sin.

A.6 An Tionól Saoránach

Soláthar sna meastacháin €500,000; olltoradh €141,000

Tráth a bhí Meastacháin 2025 á n-ullmhú, bhí gealltanais tugtha ag Clár an Rialtais tionól saoránach a bhunú, agus dá bhrí sin rinneadh foráil maidir leis sin. Tá gá le cinneadh agus rún Rialtais ón Dáil agus ón Seanad chun gach tionól saoránach a bhunú. Ní raibh aon chinneadh ná rún Rialtais ón Dáil ná ón Seanad lena tugadh éifeacht do thionól nua saoránach a bhunú nuair a chuir an Tionól Saoránach maidir le hÚsáid Drugaí a chlár oibre i gcrích.

A.7 Meastóireacht COVID-19

Soláthar sna meastacháin €1 mhilliún; olltoradh €511,000

Is eintiteas neamhreachtuil neamhspleách í Meastóireacht COVID-19. Chuir an Mheastóireacht tús foirmiúil lena cuid oibre i mí Feabhra 2025. Tháinig acmhainní foirne ar bord de réir a chéile ón dáta sin. Míníonn na fachtóirí seo an éagsúlacht san fho-cheannteideal seo. Rinneadh coigilteas san fho-cheannteideal sin (€200,000) a fhritháireamh i gcoinne fho-cheannteideal A.4 Binsí Fiosrúcháin agus fho-cheannteideal A.5 Coimisiúin Imscrúdúcháin mar chuid de phróiseas meastacháin forlíontach 2025.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí i gcabhair

		2025		2024
		Measta	Fíoraithe	Fíoraithe
		€000	€000	€000
1	Leithreasáí i gcabhair	51	17	50
2	Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	814	823	760
3	Ilghnéitheach	1	22	—
		866	862	810

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasáí i gcabhair agus méideanna airgid thirim a fhaightear sa bhliain. Léiríonn ioncam an Vóta an t-ioncam a bhaineann leis an ngníomhaíocht sa bhliain, bunaithe ar an bprionsabal fabhraithe.

	2025 €000
Ioncam ó idirbheart neamh-mhalairte	
Deontas as an Lárchiste	38,573
Aistrithe ó ranna eile	22
Ranníocaíochtaí aoisliúntais breise	852
Ioncam eile	
Ilghnéitheach	17
Ioncam iomlán	39,464
Arna léiriú ag	
Deontas as an Lárchiste	38,573
Leithreasáí iomlána i gcabhair (nóta 4.1)	862
Méadú ar ioncam fabhraithe	29
	39,464

4.3 Fáltais bhreise is iníoctha don Státchiste

	2025 €000	2024 €000
Iarmhéid an 1 Eanáir	80	91
Fáltais ó ghéilleadh tuarastail dheonaigh	—	80
Aistrithe chuig an Státchiste	(80)	(91)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	—	80

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (fostaithe coibhéise lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025	2024
An Roinn	276	253
Gníomhaireacht - An Oifig	17	17
Náisiúnta d'Fhorbairt		
Eacnamaíoch agus Shóisialach		
	293	270

5.2 Pá

Luach saothair bhaill foirne na Roinne		
	2025	2024
	€000	€000
Pá	19,177	18,582
Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	365	385
Ragobair	434	402
ÁSPC an Fhostóra	1,629	1,631
Pá téarfa (nóta 5.7)	670	396
	22,275	21,396

Luach saothair bhaill foirne na Gníomhaireachta		
	2025	2024
	€000	€000
Pá	1,836	1,549
ÁSPC an Fhostóra	180	164
	2,016	1,713

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair ba mhó	
			2025 €	2024 €
Foireann na Roinne				
Liúntais ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	35	14	45,867	42,138
Ragobair	83	9	34,172	32,348
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	15	10	35,271	33,753

5.4 Bandaí pá fostaithe na Roinne

Seo a leanas líon fostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; diomaite de ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

Bandaí pá (€)		Líon na bhfostaithe	
Ó	Go	2025	2024
20,000	59,999	155	151
60,000	69,999	26	25
70,000	79,999	13	21
80,000	89,999	17	13
90,000	99,999	17	15
100,000	109,999	18	14
110,000	119,999	5	9
120,000	129,999	7	13
130,000	139,999	9	2
140,000	149,999	—	1
150,000	159,999	1	—
160,000	169,999	—	2
170,000	179,999	4	4
180,000	189,999	6	4
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	1
210,000	219,999	1	—
220,000	229,999	—	—
230,000	239,999	—	—
240,000	249,999	—	—
250,000	259,999	—	1
260,000	269,999	1	—

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá	<u>261</u>	<u>252</u>

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir arna dtuilleamh le linn na tréimhse. Is ball den scéim pinsin neamhranníocach do státseirbhísigh bhunaithe é/i an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní théann teidlíochtaí an duine sin maidir le sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Athfhostaíodh aon státseirbhíseach amháin ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán €5,850. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Rinneadh íocaíocht ex-gratia €29,681 i leith sochar scoir comhaontaithe le hiarfhostaí amháin.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €127,938 i leith oifigeach amháin a bhí ag obair lasmuigh den Roinn don bhliain 2025 ar fad nó do chuid di agus ar íoc an Roinn a thuarastal.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach n-áirítear sa chuntas caiteachas tuarastail do thriúr ball foirne atá ag obair lasmuigh den Roinn don bhliain 2025 ar fad nó do chuid di.

5.7 Téarbhadh agus iomarcaíocht

Le linn 2025, ícadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach €95,876 agus íocaíochtaí téarfa dar luach €669,839 san iomlán le 13 bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon na bhfaighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí	10	19,546	19,863
Pleananna téarnaimh atá i bhfeidhm ^a	3	5,946	6,822

Nóta ^a Ó bhí dheireadh na bliana 2025 ann, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm ag dhá fhaighteoir eile.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

Coimisiún a bhfuil cuspóir seasta aige	Bliain an cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí deireadh 2025	2025	2024
		€000	€000	€000
Binse Fiosrúcháin ^a	1997	77,999	6,552	3,310
Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) ^b	2015	18,423	1	698
Coimisiún Imscrúdúcháin (Cooke) ^c	2017	10,440	2,702	1,344
			9,255	5,352

Nóta ^a Beidh íocaíochtaí breise bainteach leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí le Messrs Haughey agus Lowry) atá ag céim an nós imeachta deiridh um fhoirceannadh agus um dhífhoirgniú. Ní féidir na costais deiridh a chinneadh ag an bpointe seo. Tá an Binse neamhspleách ar Roinn an Taoisigh. Níl aon smacht ag an Roinn ar uainiú íocaíochta ná ar mhéid na gcostas dlí tríú páirtí a thabhaíonn an Binse.

^b Bhain an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cregan) le hidirbhearta áirithe a rinne an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc. Bhí an Coimisiún go hiomlán neamhspleách, agus ní raibh aon smacht ag Roinn an Taoisigh ar a cuid imscrúduithe ná ar mhéid na gcostas dlí tríú páirtí a d'ordaigh an Coimisiún d'Oifig an Taoisigh a íoc.

^c Bhain an Coimisiún Imscrúdúcháin (Cooke) le díol phunann Project Eagle ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní. Bhí an Coimisiún go hiomlán neamhspleách, agus ní raibh aon smacht ag Roinn an Taoisigh ar a cuid imscrúduithe ná ar mhéid na gcostas dlí tríú páirtí a d'ordaigh an Coimisiún d'Oifig an Taoisigh a íoc.

6.2 Bronntanais oifigiúla

Áirítear sa chuntas suim €11,255, a úsáideadh chun bronntanais a cheannach lena gcur i láthair ag an Taoiseach agus ag Airí Stáit, nó thar a gceann, in 2025 (2024: €12,274).

6.3 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais íoctha ag an Roinn sa bhliain

	Éilimh ag		Iomlán 2025	Iomlán 2024
	Fostaithe	Daoine den phobal		
An líon cásanna	—	1	1	—
	€000	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	—	—	—	—
Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	—	—	—	—
Costais eile	—	—	—	—
Costais dlí	—	198	198	—
Iomlán 2025	—	198	198	—
Iomlán 2024	—	—	—	—

Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh in 2025

	Éilimh ag		Iomlán
	Fostaithe	Daoine den phobal	
An líon cásanna	—	1	1
	€000	€000	€000
Costais dlí na Roinne féin	—	—	—
Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne			
Cúiteamh	—	—	—
Costais dlí	—	198	198
Costais eile	—	—	—
Iomlán	—	198	198